AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.7.2023
C(2023) 4622 final

ANNEX 2

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann le**

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**maidir le socruithe mionsonraithe i dtaca leis an gCoimisiún imeachtaí a sheoladh de bhun Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach**

# Ábhar


1. Cuspóir na Foirme FS-PP ..... 2
2. Sainmhínithe agus treoracha chun críocha na Foirme FS-PP seo ..... 2
3. Cineálacha faisnéise a cheanglaítear leis an bhFoirm FS-PP ..... 3
4. Faisnéis nach bhfuil fáil uirthi go réasúnach ..... 4
5. Faisnéis nach bhfuil gá léi le haghaidh scrúdú an Choimisiúin ar an gcás ..... 4
6. Teagmhálacha réamhfhógra agus iarrataí ar tharscaoileadh ..... 5
7. An ceanglas maidir le fógra nó dearbhú ceart iomlán ..... 6
8. Conas fógra a thabhairt ..... 7
9. Rúndacht agus Sonraí Pearsanta ..... 8
1. ROINN 1: Tuairisc ar an soláthar poiblí ..... 8
2. ROINN 2: Faisnéis faoin bpáirtí nó faoi na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu ..... 9
3. ROINN 3: Ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha ..... 10
4. ROINN 4: Údar a thabhairt le gan tairiscint a bheith ann lena mbainfeadh buntáiste míchuí ..... 13
5. ROINN 5: Éifeachtaí dearfacha féideartha ..... 13
6. ROINN 6: Doiciméadacht tacaíochta ..... 14
7. ROINN 7: Dearbhú ..... 14
8. ROINN 8: Fianú ..... 15

**IARSCRÍBHINN II**
**FOIRM FS-PP A BHAINEANN LE FÓGRA A THABHAIRT FAOI RANNÍOCAÍOCHTAÍ AIRGEADAIS EACHTRACHA I gCOMHTHÉACS NÓSANNA IMEACHTA SOLÁTHAIR PHOIBLÍ DE BHUN RIALACHÁN 2022/2560**

## RÉAMHRÁ

### 1. CUSPÓIR NA FOIRME FS-PP

(1) Sonraítear leis an bhFoirm FS-PP seo an fhaisnéis nach mór don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu a sholáthar agus fógra nó dearbhú á chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh maidir le ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha i gcomhthéacs nós imeachta soláthair phoiblí a chumhdaítear le córas rialaithe na bhfóirdheontas eachtrach de chuid an Aontais. Leagtar amach córas rialaithe na bhfóirdheontas eachtrach de chuid an Aontais síos i Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) [Nóta do OP: cuir isteach uimhir an rialacháin] ón gCoimisiún maidir le socruithe mionsonraithe i dtaca leis an gCoimisiún imeachtaí a sheoladh de bhun Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach (an 'Rialachán Cur Chun Feidhme')[2], atá i gceangal leis an bhFoirm FS-PP seo.

### 2. SAINMHÍNITHE AGUS TREORACHA CHUN CRÍOCHA NA FOIRME FS-PP SEO

(2) Chun críocha na hIarscríbhinne seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) Ciallaíonn 'páirtí nó páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu', i gcomhréir le hAirteagal 29(5) de Rialachán (AE) 2022/2560, na hoibreoirí eacnamaíocha, grúpaí oibreoirí eacnamaíocha, príomh-fhochonraitheoirí agus na príomhsholáthróirí uile a chumhdaítear leis an oibleagáid um fhógra i gcomhréir le hAirteagal 29(1) de Rialachán (AE) 2022/2560;

(b) Is é an 'príomhchonraitheoir', de réir bhrí Threoracha 2014/24/AE agus 2014/25/AE nó 'príomhlamháltóir' de réir bhrí Threoir 2014/23/AE an t-oibreoir eacnamaíoch a áirithíonn cur isteach an fhógra nó an dearbhaithe thar ceann na bpáirtithe uile a bhfuil fógra á thabhairt acu;

(3) Mura sonraítear a mhalairt, cuimsítear leis an téarma 'páirtí nó páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu' na fochuideachtaí uile gan neamhspleáchas tráchtála agus a chuideachtaí sealbhaíochta uile de réir bhrí Airteagal 28(1)(b) de Rialachán (AE) 2022/2560.

(4) Ní mór aon sonraí airgeadais a iarrtar a sholáthar in euro ar na meánrátaí malairte a bhí i réim sna blianta nó sna tréimhsí eile i gceist.

---

[1] IO L 330, 23.12.2022, lch. 1.
[2] [Nóta do OP: cuir isteach uimhir an rialacháin].

## 3. CINEÁLACHA FAISNÉISE A CHEANGLAÍTEAR LEIS AN BHFOIRM FS-PP

(5) I gcás ina bhfuair páirtí amháin ar a laghad de na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu ranníocaíocht airgeadais eachtrach infhógartha i gcomhréir le hAirteagal 28(1) agus (2) agus Airteagal 29(1) de Rialachán (AE) 2022/2560, cuirfidh an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu fógra isteach, agus ní dhéanfaidh sé nó siad ach é sin amháin. Cuirtear an fógra isteach ar fhoirm amháin atá bunaithe ar na gnéithe a leagtar amach thíos.

(6) Os a choinne sin, i gcás nach bhfuair aon pháirtí de na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu ranníocaíocht airgeadais eachtrach infhógartha i gcomhréir le hAirteagal 28(1) agus (2) agus Airteagal 29(1) de Rialachán (AE) 2022/2560, cuirfidh an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu dearbhú isteach, agus ní dhéanfaidh sé nó siad ach é sin amháin. Cuirtear an dearbhú isteach ar fhoirm amháin atá bunaithe ar na gnéithe a leagtar amach thíos.

(7) Féadfaidh an Coimisiún, ar bhonn cás ar chás, faisnéis níos mionsonraithe a iarraidh maidir le haon chineál de na cineálacha ranníocaíochtaí airgeadais a áirítear mar fhreagairt ar na ceisteanna atá i Roinn 3 agus i dTábla 1, nó maidir le haon ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha eile a fuair an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu. In aon chás, na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha uile a deonaíodh don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu le linn na 3 bliana roimh an bhfógra, ní mór iad a chur san áireamh chun na tairseacha fógartha a chinntiú faoi Airteagal 28(1)(b) de Rialachán (AE) 2022/2560, gan beann ar cé acu a iarrtar faisnéis maidir leo faoi Roinn 3 nó nach n-iarrtar.

(8) Beidh an fhaisnéis seo a leanas de dhíth ar an bhFoirm FS-PP:

(a) FÓGRAÍ FAOI RANNÍOCAÍOCHTAÍ AIRGEADAIS EACHTRACHA

i. I gcás fógra faoi ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha faoi Chaibidil 4 de Rialachán (AE) 2022/2560, ní mór gach roinn agus a réimsí faoi seach a líonadh isteach de ghnáth, cé is moite de Roinn 7 (Dearbhú).

ii. Ní mór tuairisc achoimre ar an nós imeachta soláthair phoiblí a bheith i Roinn 1.

iii. Ní mór faisnéis faoin bpáirtí nó faoi na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu a bheith i Roinn 2.

iv. Ní mór faisnéis mhionsonraithe ar an (na) ranníocaíocht(aí) airgeadais eachtrach(a) a bheith i Roinn 3. Go háirithe, de bhun Roinn 3, iarrtar faisnéis mhionsonraithe maidir le gach ceann de na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha cothrom le EUR 1 milliún nó os a chionn a deonaíodh do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu le linn na 3 bliana roimh an bhfógra a d'fhéadfadh a bheith in aon cheann de chatagóirí Airteagal 5(1), pointí (a) go (c) agus (e) de Rialachán (AE) 2022/2560. I ndáil le ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha eile, leis an bhFoirm FS-PP ceanglaítear ar an bpáirtí nó ar na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu forléargas a thabhairt ar na cineálacha éagsúla ranníocaíochtaí airgeadais a deonaíodh don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu i gcomhréir leis na treoracha a sholáthraítear i dTábla 1.

v. Féadfaidh míniú a bheith i Roinn 4 ar an mbealach nach bhfuil buntáiste míchuí ag baint leis an tairiscint.

vi. Féadfar aon éifeacht dhearfach a d'fhéadfadh a bheith ag na fóirdheontais ar fhorbairt na gníomhaíochta eacnamaíche ábhartha a liostú agus údar a thabhairt léi, más infheidhme, i Roinn 5, mar aon le héifeachtaí dearfacha eile i ndáil leis na cuspóirí beartais ábhartha.

vii. I Roinn 6, liostaítear na doiciméid tacaíochta a áirítear.

viii. Ní mór fianú sínithe a bheith i Roinn 8 go bhfuil an fhaisnéis a sholáthraítear fíor, ceart agus iomlán agus go bhfuil an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu ar an eolas faoi na forálacha maidir le fíneálacha.

(b) DEARBHÚ NACH ANN D'AON RANNÍOCAÍOCHT AIRGEADAIS EACHTRACH INFHÓGARTHA:

i. Murar deonaíodh aon ranníocaíocht airgeadais eachtrach infhógartha don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu le 3 bliana anuas, ní mór Ranna 1, 2, agus 8 den Fhoirm FS-PP a líonadh isteach, mar aon leis an Roinn 7 shonrach agus ní mór na ranna a bheidh fágtha a fhágáil folamh.

ii. Tá an fhaisnéis uile a iarrtar san Fhoirm FS-PP gan dochar don fhéidearthacht go n-iarrfaidh an Coimisiún tuilleadh faisnéise in iarraidh ar fhaisnéis.

## 4. FAISNÉIS NACH BHFUIL FÁIL UIRTHI GO RÉASÚNACH

(9) I gcás nach bhfuil píosaí sonracha den fhaisnéise a cheanglaítear leis an bhFoirm FS-PP sin ar fáil go réasúnach, i bpáirt nó ina n-iomláine, don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu, féadfaidh an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu iarraidh ar an gCoimisiún an oibleagáid an fhaisnéis ábhartha a sholáthar a ligean ar ceal, nó aon cheanglas eile san Fhoirm FS-PP a bhaineann leis an bhfaisnéis sin a ligean ar ceal. Ba cheart an iarraidh a chur isteach i gcomhréir leis na treoracha in aithrisí (13)-(15) den Réamhrá seo.

## 5. FAISNÉIS NACH BHFUIL GÁ LÉI LE HAGHAIDH SCRÚDÚ AN CHOIMISIÚIN AR AN GCÁS

(10) De bhun Airteagal 5(5) den Rialachán Cur Chun Feidhme, féadfaidh an Coimisiún an oibleagáid maidir le faisnéis ar leith a sholáthar san fhógra, lena n-áirítear doiciméid, nó aon cheanglas eile san Fhoirm FS-PP a bhaineann leis an bhfaisnéis sin a ligean thar ceal i gcás ina measfaidh an Coimisiún nach bhfuil gá le comhlíonadh na n-oibleagáidí ná na gceanglas sin chun scrúdú a dhéanamh ar an gcás.

(11) Féadfaidh an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu iarraidh ar an gCoimisiún an oibleagáid maidir leis an bhfaisnéis ábhartha a ligean ar ceal nó aon cheanglas eile san Fhoirm FS-PP a bhaineann leis an bhfaisnéis sin a sholáthar. Ba cheart an iarraidh sin a chur isteach i gcomhréir leis na treoracha maidir le hiarrataí ar tharscaoileadh a leagtar síos faoi aithrisí (13)-(15) den Réamhrá don Fhoirm FS-PP seo.

## 6. TEAGMHÁLACHA RÉAMHFHÓGRA AGUS IARRATAÍ AR THARSCAOILEADH

(12) Moltar don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu dul i mbun pléití réamhfhógra in am leordhóthanach roimh an bhfógra, ar bhonn dréacht-Fhoirm FS-PP más féidir. Is seirbhís í an fhéidearthacht chun dul i mbun teagmhálacha réamhfhógra arna tairiscint ag an gCoimisiún don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu ar bhonn deonach chun an réamh-athbhreithniú ar na fóirdheontais eachtracha a ullmhú i gcomhthéacs soláthar poiblí foilsithe. Mar sin, cé nach céim éigeantach iad na teagmhálacha réamhfhógra, is féidir leo a bheith luachmhar don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu agus don Choimisiún araon chun méid beacht na faisnéise a cheanglaítear i bhfógra a chinneadh, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis atá le soláthar faoi Roinn 3 agus i dTábla 1 agus chun a áirithiú go bhfuil an fógra iomlán. Thairis sin, d'fhéadfadh laghdú suntasach teacht ar an bhfaisnéis a cheanglaítear de bharr na dteagmhálacha réamhfhógra. I gcás ina bhfuil níos mó ná páirtí amháin a bhfuil fógra á thabhairt aige (mar oibreoir eacnamaíoch aonair) nó níos mó ná grúpa amháin de pháirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu (mar chomhaltaí den chuibhreannas céanna) a bhfuil sé d'aidhm ag gach páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nó gach grúpa tairiscint dhifriúil a chur isteach sa nós imeachta soláthair phoiblí chéanna, ní mór na pléití réamhfhógra a dhéanamh le gach páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nó gach grúpa de ar leithligh agus faoi rúndacht iomlán, chun iomaíocht chóir a áirithiú sa nós imeachta soláthair phoiblí atá i gceist.

(13) I gcaitheamh na dteagmhálacha réamhfhógra, féadfaidh an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu tarscaoiltí a iarraidh maidir le faisnéis áirithe a cheanglaítear leis an bhfoirm seo a chur isteach. Breithneoidh an Coimisiún iarrataí ar tharscaoileadh ar choinníoll go gcomhlíontar ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:

(a) Tugann an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu cúiseanna leormhaithe leis an bhfáth nach bhfuil fáil ar an bhfaisnéis ábhartha go réasúnach. I gcás inarb iomchuí agus a mhéid is féidir, ba cheart don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu' na meastacháin is fearr a thabhairt le haghaidh na sonraí atá in easnamh agus na foinsí le haghaidh na meastachán sin á sainaithint nó an áit a bhféadfadh an Coimisiún aon chuid den fhaisnéis a iarraidh nach bhfuil ar fáil don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu a fháil á sonrú.

(b) Tugann an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu cúiseanna leormhaithe leis an bhfáth nach bhfuil gá leis an bhfaisnéis ábhartha chun scrúdú a dhéanamh ar an gcás.

(14) Ba cheart iarrataí ar tharscaoileadh a dhéanamh i scríbhinn le linn réamhfhógra, sa Dréachtfhógra féin más féidir (ag tús na roinne nó na foroinne ábhartha). Déileálfaidh an Coimisiún le hiarrataí ar tharscaoileadh le linn réamhfhógra i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an dréachtfhógra.

(15) I dtaca leis an bhfíoras go mb'fhéidir gur ghlac an Coimisiún leis go bhféadfar aon fhaisnéis faoi leith a iarrtar leis an bhFoirm FS-PP seo a fhágáil ar lár ó fhógra, ní chuirtear cosc ar an gCoimisiún in aon chor an fhaisnéis sin a iarraidh

tráth ar bith le linn na n-imeachtaí, go háirithe trí iarraidh ar fhaisnéis de bhun Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2022/2560.

## 7. AN CEANGLAS MAIDIR LE FÓGRA NÓ DEARBHÚ CEART IOMLÁN

(16) Ní mór an fhaisnéis a iarrtar i Ranna 1-3, 6 agus 8 a sholáthar i gcás fógra faoi ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha, agus is amhlaidh dá réir ar ceanglas í maidir le fógra iomlán. Ní mór an fhaisnéis uile is gá a sholáthar sna ranna iomchuí den Fhoirm FS-PP, agus ní mór di a bheith ceart agus comhlánaithe.

(17) I gcás dearbhú nach bhfuarthas aon ranníocaíocht airgeadais eachtrach infhógartha, ní mór an fhaisnéis a iarrtar i Ranna 1, 2, 7 agus 8 a sholáthar, agus is amhlaidh dá réir ar ceanglas í maidir le dearbhú iomlán a fháil. Ní mór an fhaisnéis uile is gá a sholáthar sna ranna iomchuí den Fhoirm FS-PP, agus ní mór di a bheith ceart agus comhlánaithe.

(18) Go háirithe, ba cheart an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:

(a) Tosóidh an tréimhse ama 20 lá oibre a leagtar síos in Airteagal 30, míreanna (2) agus (6) de Rialachán (AE) 2022/2560 an lá oibre tar éis an fógra comhiomlán a fháil. Áirithítear leis sin go mbeidh an Coimisiún in ann measúnú a dhéanamh ar na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha dá dtugtar fógra laistigh de na teorainneacha ama dochta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2022/2560.

(b) Ní mór don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu a fhíorú, le linn dóibh a bhfógra a ullmhú, gur cruinn, ábhartha agus cothrom le dáta iad na hainmneacha agus uimhreacha teagmhála, agus go háirithe seoltaí ríomhphoist, a sholáthraítear don Choimisiún.

(c) Ní fhéadfar dearbhú a chur isteach ach amháin i gcás ina mbeidh na páirtithe uile a bhfuil fógra á thabhairt acu ag dearbhú nár deonaíodh aon ranníocaíocht airgeadais eachtrach infhógartha dóibh le 3 bliana anuas. I gcás inar deonaíodh ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha infhógartha do pháirtí amháin ar a laghad de na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu, measfar gur fógra chun críocha an Rialacháin Cur Chun Feidhme seo an aighneacht sin.

(d) Ní mór sonraí teagmhála na bpáirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu arna n-iarraidh a sholáthar san fhormáid a d'fhorordaigh Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin um an Margadh inmheánach, tionsclaíocht, fiontraíocht agus FBManna (AS GROW) ar a suíomh gréasáin.[3]. Tá sé fíor-riachtanach i gcás próiseas athbhreithnithe ceart go mbeidh na sonraí teagmhála cruinn. Chuige sin, níor cheart seoltaí ríomhphoist a sholáthrófar a bheith pearsantaithe ná a bheith sannta do theagmhálacha sonracha; ba cheart boscaí feidhmiúla cuideachta na foirne atá i gceannas ar an bhfógra a úsáid. Féadfaidh an Coimisiún a dhearbhú go bhfuil an fógra neamhiomlán ar bhonn sonraí teagmhála míchuí.

[3] Féach: https://single-market-economy.ec.europa.eu/single-market/public-procurement/foreign-subsidies-regulation agus lean na treoracha ansin.

(e) Ní mór doiciméadacht tacaíochta faoi Roinn 6 a sholáthar in éineacht le tábla achoimre a chloíonn leis an bhformáid a d'fhorordaigh AS GROW ar a suíomh gréasáin.

(f) I gcomhréir le hAirteagal 7(4) den Rialachán Cur Chun Feidhme, má bhíonn faisnéis mhícheart nó mhíthreorach san fhógra nó má sholáthraítear sin in éineacht leis an bhfógra, measfar an fógra a bheith neamhiomlán maidir le dáta éifeachtach an fhógra a chinneadh.

(g) Faoi Airteagal 29(4) de Rialachán (AE) 2022/2560, i gcás ina mbeidh fógra a ghabhfaidh le tairiscint nó le hiarraidh ar rannpháirtíocht fós neamhiomlán d'ainneoin iarraidh arna déanamh ag an gCoimisiún chun é a líonadh isteach, ba cheart don Choimisiún cinneadh a ghlacadh lena n-iarrfar ar an údarás conarthach nó ar an eintiteas conarthach cinneadh a ghlacadh lena ndiúltófar do thairiscint nó d'iarraidh neamhrialta den sórt sin ar rannpháirtíocht.

(h) Faoi Airteagal 33(2) de Rialachán (AE) 2022/2560, na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann a sholáthraíonn faisnéis mhícheart nó mhíthreorach, cibé acu d'aon ghnó nó go faillíoch, féadfar fíneálacha suas le 1 % dá láimhdeachas comhiomlán a ghearradh orthu. Ina theannta sin, de bhun Airteagal 18(1)(b) de Rialachán (AE) 2022/2560, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh a chúlghairm i gcás ina raibh sé bunaithe ar fhaisnéis mhíthreorach, mhícheart nó neamhiomlán.

## 8. CONAS FÓGRA A THABHAIRT

(19) Déanfar na fógraí a chur isteach i gceann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais. Cuirfear ainmneacha na bpáirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu isteach ina dteanga bhunaidh freisin. Ní mór an fhaisnéis a cheanglaítear leis an bhFoirm FS-PP seo a leagan amach agus úsáid á baint as na ranna agus as na foranna atá le fáil inti, agus i gcás inarb ábhartha, doiciméadacht tacaíochta á cur i gceangal léi. Ní mór fianú a chuimsiú san fhógra a chuirfear isteach mar a sholáthraítear i Roinn 8. I gcás inarb ionann cuid (nó iomlán) den fhaisnéis a sholáthraítear in dhá roinn dhifriúla, féadfar crostagairtí a úsáid.

(20) I dtaca leis an bhfógra, ní mór do dhaoine é a shíniú ar daoine iad atá údaraithe de réir dlí le gníomhú thar ceann gach páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nó ní mór d'ionadaí seachtrach údaraithe amháin nó níos mó den pháirtí nó de na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu é a shíniú. Ní mór an chumhacht aturnae chomhfhreagrach / na cumachtuithe aturnae comhfhreagracha (nó cruthúnas scríofa go bhfuil siad údaraithe chun gníomhú) a chur i gceangal leis an bhfógra. Tá sonraíochtaí teicniúla agus treoracha maidir le fógraí le fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin um an Margadh inmheánach, tionsclaíocht, fiontraíocht agus FBManna.

(21) Agus Roinn 3 den Fhoirm FS-PP seo á líonadh isteach, iarrtar ar an bpáirtí nó ar na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu a m(h)achnamh a dhéanamh an fearr, de ghrá na soiléireachta, an fhaisnéis sna ranna sin a chur i láthair in ord uimhriúil, nó an féidir an fhaisnéis a ghrúpáil le chéile le haghaidh gach ranníocaíocht airgeadais eachtrach aonair (nó grúpa de ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha).

(22) Ar mhaithe le soiléireacht, féadfar faisnéis áirithe a chur sna hiarscríbhinní. Tá sé fíor-riachtanach, áfach, na príomhphíosaí substainteacha faisnéise uile a chur i láthair i gcorp an fhógra. Ní mór gan aon iarscríbhinní a chuirfear isteach a úsáid ach amháin chun an fhaisnéis a sholáthraítear i bpríomhchorp an fhógra féin a fhorlíonadh, agus ní mór a thabhairt le fios go soiléir sa chorp an áit mar a soláthraítear faisnéis fhorlíontach in iarscríbhinn.

(23) Déanfar na doiciméid tacaíochta a chur isteach sa bhunteanga inar scríobhadh iad; i gcás nach teanga oifigiúil de chuid an Aontais í sin, ceanglófar aistriúchán go teanga na n-imeachtaí leis an doiciméad (Airteagal 5(4) den Rialachán Cur Chun Feidhme).

## 9. RÚNDACHT AGUS SONRAÍ PEARSANTA

(24) In Airteagal 339 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') agus in Airteagal 43(2) de Rialachán (AE) 2022/2560, ceanglaítear ar an gCoimisiún, mar aon lena chuid oifigeach agus seirbhíseach eile gan faisnéis a nochtadh atá faighte acu trí chur i bhfeidhm an Rialacháin, ar faisnéis a chumhdaítear le hoibleagáid na rúndachta gairmiúla í. Ní mór feidhm a bheith ag an bprionsabal céanna freisin maidir le rúndacht a chosaint idir na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu.

(25) Má chreideann an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu go ndéanfaí dochar dá leasanna dá bhfoilseofaí, nó dá nochtfaí ar shlí eile do pháirtithe eile, lena n-áirítear na hoibreoirí eacnamaíocha eile a gcuireann siad an fógra isteach in éineacht leo agus an t-údarás conarthach ábhartha nó an t-eintiteas conarthach ábhartha, aon chuid den fhaisnéis a iarrtar orthu a sholáthar, ba cheart dóibh an fhaisnéis sin a chur faoi bhráid an údaráis chonarthaigh ábhartha nó an eintitis chonarthaigh ábhartha ar leithligh, agus gach leathanach breise a mharcáil go soiléir mar 'Faoi Rún'. Chun na críche sin, féadfar cartlann chriptithe doiciméad ar leithligh a chur isteach agus féadfar an eochair a sholáthar go leithleach don Choimisiún. Ba cheart do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu cúiseanna a thabhairt freisin nár cheart an fhaisnéis sin a nochtadh ná a fhoilsiú.

(26) I gcásanna eile ina gcomhlánaíonn níos mó ná páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige an fógra, féadfar rúin ghnó a chur isteach faoi chumhdach ar leithligh agus tagairt a dhéanamh dóibh san fhógra mar iarscríbhinn. Ní mór gach iarscríbhinn den sórt sin a bheith ar áireamh san fhógra go measfaí an fógra a bheith iomlán.

(27) Aon sonraí pearsanta a chuirfear isteach i bhfógra nó in éineacht le fógra, déanfar iad a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4].

1. ROINN 1: Tuairisc ar an soláthar poiblí

1.1. Soláthair nasc leis an doiciméad lena n-iarrtar iomaíocht sa nós imeachta seo, atá foilsithe ar Tenders Electronic Daily (TED) mar aon le haon ardáin eile, agus achoimre ar an nós imeachta soláthair phoiblí

[4] IO L 295, 21.11.2018, lch. 39. Féach freisin ráiteas príobháideachais a bhaineann le himscrúduithe iomaíochta ag https://ec.europa.eu/competition-policy/index/privacy-policy-competition-investigations_en.

1.2. I gcás ina n-úsáidfidh an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu Doiciméad Aonair Eorpach maidir le Soláthar (ESPD), ba cheart an oibleagáid a chomhlíonadh, maidir le hachoimre ar an nós imeachta soláthair phoiblí a sholáthar, trí Chuid I d'Iarscríbhinn 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) ón gCoimisiún) 2016/7, agus an chuid sin líonta isteach[5].

1.3. I gcás ina gcuirfidh an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu a chuid nó a gcuid faisnéise isteach trí ESPD, ní mór Roinn 1 den Fhoirm FS-PP seo a thabhairt isteach go díreach ó ESPD san Fhoirm FS-PP trí sheirbhís dhigiteach arna soláthar ag an gCoimisiún. In éagmais seirbhís den sórt sin, ba cheart don údarás conarthach nó don eintiteas conarthach an fógra a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún in éineacht leis an gCuid I d'Iarscríbhinn 2 do ESPD agus í líonta isteach.

1.4. I gcás nach gcuirfidh an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu a gcuid faisnéise isteach trí ESPD, ní mór an roinn sin a líonadh isteach leis an bhfaisnéis a cheanglaítear i gCuid I d'Iarscríbhinn 2 do ESPD.

1.5. I gcás nach gcuirfidh an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu a gcuid faisnéise isteach trí ESPD ach go páirteach, ní mór na gnéithe atá ar iarraidh ó Chuid I d'Iarscríbhinn 2 do ESPD a sholáthar sa roinn seo.

2. ROINN 2: Faisnéis faoin bpáirtí nó faoi na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu

2.1. I gcás ina n-úsáidfidh an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu ESPD, is féidir an oibleagáid a chomhlíonadh, maidir le faisnéis a sholáthar faoin bpáirtí nó faoi na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu, trí Chuid II d'Iarscríbhinn 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/7 an 5 Eanáir 2016 a sholáthar, lena leagtar síos an fhoirm chaighdeánach le haghaidh ESPD. Líontar ESPD isteach le haghaidh n-oibreoirí eacnamaíocha uile atá rannpháirteach sa tairiscint nó sna hiarrataí ar rannpháirtíocht mar aon le fochonraitheoirí a bhfuiltear ag brath ar a n-inniúlachtaí chun na critéir roghnúcháin a chomhlíonadh. Fochonraitheoirí nach 'príomh-fhochonraitheoirí' iad de réir bhrí Airteagal 29(5) de Rialachán (AE) 2022/2560, níl orthu an roinn sin den fhoirm a líonadh isteach. Fochonraitheoirí ar 'príomh-fhochonraitheoirí' iad de réir bhrí Airteagal 29(5) de Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ach nach bhfuiltear ag brath ar a n-inniúlachtaí úd i gcomhréir le hAirteagal 63 de Threoir 2014/24/AE nó Airteagal 79 de Threoir 2014/25/AE, ní mór dóibh an roinn sin a líonadh isteach de láimh.

2.2. I gcás ina gcuirfidh an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu a gcuid faisnéise isteach trí ESPD, tabharfar an chuid seo den Fhoirm FS-PP isteach go díreach ó ESPD san Fhoirm FS-PP seo trí sheirbhís dhigiteach arna soláthar ag an gCoimisiún. In éagmais seirbhís den sórt sin, ba cheart don údarás conarthach nó don eintiteas conarthach an fógra sin a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún in éineacht le Cuid II d'Iarscríbhinn 2, agus í líonta isteach, den ESPD arna chur isteach.

---

[5] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/7 ón gCoimisiún an 5 Eanáir 2016 lena mbunaítear an fhoirm chaighdeánach don Doiciméad Aonair Eorpach maidir le Soláthar (IO L 3, 6.1.2016, lch. 16).

2.3. I gcás nach gcuirfidh an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu a gcuid faisnéise isteach trí ESPD, ní mór an roinn sin a líonadh isteach leis an bhfaisnéis a cheanglaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn 2 do ESPD.

2.4. I gcás nach gcuirfidh an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu a gcuid faisnéise isteach trí ESPD ach go páirteach, ní mór na gnéithe atá ar iarraidh ó Chuid II d'Iarscríbhinn 2 do ESPD a sholáthar sa roinn seo.

2.5. Tabhair seoladh ríomhphoist nó aitheantóir uathúil a úsáidtear le haghaidh an chuntais EU Login a fheidhmeoidh mar dheis chumarsáide.

3. ROINN 3: Ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha

3.1. Déanfar an measúnú i dtaobh an bhfuil saobhadh ann arb iad na fóirdheontais eachtracha i nós imeachta soláthair phoiblí is cúis leis trí na táscairí saofa[6] a mheas agus an bhfuil buntáiste míchuí ag baint leis an tairiscint i ndáil leis na hoibreacha, na soláthairtí nó na seirbhísí lena mbaineann[7]. Sa Roinn seo, níor cheart don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha a thuairisciú ach amháin na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha sin atá i raon feidhme Airteagal 5(1), pointí (a) go (c) agus (e) de Rialachán (AE) 2022/2560 atá ar na ranníocaíochtaí is mó ar dócha dóibh an margadh inmheánach a shaobhadh. I gcás ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha nach bhfuil sna catagóirí sin, féach pointe 3.3 den Roinn seo agus Tábla 1. I gcás nósanna imeachta a chomhlíonann na tairseacha in Airteagal 28(1)(a) agus 28(2) de Rialachán (AE) 2022/2560, agus inar deonaíodh ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu le linn na 3 bliana roimh an bhfógra, ar ranníocaíochtaí iad atá infhógartha i gcomhréir le hAirteagal 28(1)(b) de Rialachán (AE) 2022/2560, tabhair le fios cé acu a deonaíodh nó nár deonaíodh ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha a bhí cothrom le EUR 1 milliún nó os a chionn go haonarach[8] do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu, ar ranníocaíochtaí iad a d'fhéadfadh a bheith in aon cheann de chatagóirí Airteagal 5(1), pointí (a) go (c) agus (e) de Rialachán (AE) 2022/2560:

3.1.1. Chun gur féidir a chinneadh ar deonaíodh ranníocaíocht airgeadais eachtrach do ghnóthas a bhí anásta de réir bhrí Airteagal 5(1)(a) de Rialachán (AE) 2022/2560 nó nár deonaíodh, tabhair le fios ar comhlíonadh aon cheann de na coinníollacha seo a leanas nó nár comhlíonadh ag aon phointe ama le linn na 3 bliana roimh an bhfógra:

3.1.1.1. An bhfuil an páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige ina chuideachta faoi dhliteanas, i gcás ina bhfuil níos mó ná leath dá scairchaipiteal suibscríofa tar éis imeacht de dheasca caillteanais charntha?

☐ tá ☐ níl

[6] Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2022/2560

[7] Airteagal 27 de Rialachán (AE) 2022/2560

[8] Ba cheart a mheas go mbeidh ranníocaíocht airgeadais deonaithe ón uair a gheobhaidh an tairbhí teidlíocht dhlíthiúil chun an ranníocaíocht airgeadais eachtrach a fháil. Ní coinníoll riachtanach é eisíocaíocht iarbhír na ranníocaíochta airgeadais chun go dtiocfaidh ranníocaíocht airgeadais faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2022/2560.

3.1.1.2. An bhfuil an páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige ina chuideachta ina bhfuil dliteanas neamhtheoranta ar chuid dá bhaill ar a laghad as fiachas na cuideachta, agus i gcás ina bhfuil níos mó ná leath dá chaipiteal mar a léirítear é i gcuntais na cuideachta tar éis imeacht de dheasca caillteanais charntha?

☐ tá ☐ níl

3.1.1.3. An bhfuil an páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige faoi réir comhimeachtaí dócmhainneachta nó an gcomhlíonann sé na critéir faoina dhlí náisiúnta lena chur i gcomhimeachtaí dócmhainneachta arna iarraidh sin ag a chreidiúnaithe?

☐ tá ☐ níl

3.1.1.4. I gcás nach FBM an páirtí i gceist a bhfuil fógra á thabhairt aige[9]:

3.1.1.4.1. an raibh cóimheas fiachas de réir na leabhar le cothromas an pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige níos mó ná 7.5 le 2 bhliain anuas

agus

3.1.1.4.2. an raibh cóimheas cumhdaigh úis EBITDA[10] an pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige faoi 1.0 le 2 bhliain anuas?

☐ bhí ☐ ní raibh

3.1.1.5. Más rud é gurbh é 'tá' nó 'bhí' an freagra le ceann ar bith de na ceisteanna i ranna3.1.1.1go3.1.1.4 i ndáil le haon cheann de na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu, tabhair le fios, le linn na tréimhse ina raibh an gnóthas i gceist anásta, cé acu a fuair sé aon ranníocaíochtaí airgeadais a d'fhéadfadh a chur le hinmharthanacht fhadtéarmach an ghnóthais a athbhunú nó nach bhfuair (lena n-áirítear aon chúnamh leachtachta sealadach atá deartha chun tacú leis an athbhunú inmharthanachta sin) nó chun an páirtí sin a choimeád i mbun gnó ar feadh na tréimhse ama giorra is gá chun teacht ar phlean athstruchtúrúcháin nó leachtúcháin.

Páirtí nó páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu

☐ fuair ☐ ní bhfuair

3.1.1.6. Más rud é gurbh é 'tá' nó 'bhí' an freagra ar cheann ar bith de na ceisteanna i ranna 3.1.1.1 go 3.1.1.4 i ndáil le haon cheann de na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu, tabhair le fios má tá plean athstruchtúrúcháin ann a bhféadfaidh marthanas fadtéarmach an pháirtí sin ag eascairt as, agus má chuimsítear leis an bplean athstruchtúrúcháin sin ranníocaíocht dhílis shuntasach ón bpáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige agus tabhair sonraí maidir leis an bplean sin.

---

9 Sainmhínítear fiontair bheaga agus mheánmhéide nó FBManna in Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 ina ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach don mhargadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh (IO L 187, 26.6.2014, lch. 1).

10 Tuilleamh roimh ús, cáin, dímheas agus amúchadh. Ríomhtar an cóimheas sin mar EBITDA / Íocaíochtaí úis

*3.1.1.7.* Más rud é gurbh é ‘tá’ nó ‘bhí’ an freagra ar cheann ar bith de na ceisteanna i bpointí 3.1.1.1 go 3.1.1.4, tabhair údar leis an bhfreagra, lena n-áirítear tagairtí sa fhreagra leis an bhfianaise nó leis na doiciméid tacaíochta atá le soláthar in iarscríbhinní (féadfaidh na doiciméid seo a leanas, gan bheith teoranta dóibh, a bheith san áireamh: na ráitis is déanaí de chuid an pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige ón gcuntas brabúis agus caillteanais mar aon le cláir chomhardaithe, nó cinneadh cúirte lena n-osclaítear imeachtaí dócmhainneachta cnuasaitheacha ar an gcuideachta nó ar na doiciméad lena soláthraítear fianaise go gcomhlíontar na critéir lena cur faoi imeachtaí dócmhainneachta ar iarraidh na gcreidiúnaithe faoi dhlí cuideachta náisiúnta, etc.).

*3.1.2.* Ranníocaíocht airgeadais eachtrach i bhfoirm ráthaíocht neamhtheoranta ar fhiacha nó dliteanais an ghnóthais, is é sin ranníocaíocht gan aon teorainn maidir le méid ná fad ráthaíochta den sórt sin (Airteagal 5(1)(b)).

☐ deonaíodh ☐ níor deonaíodh

3.1.3. Beart maoinithe onnmhairiúcháin nach bhfuil i gcomhréir le Socrú ECFE maidir leis na creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil (Airteagal 5(1)(c)).

☐ deonaíodh ☐ níor deonaíodh

3.1.4. Ranníocaíocht airgeadais eachtrach lena gcuirtear ar chumas gnóthais tairiscint a thíolacadh a bhfuil buntáiste míchuí ag baint léi, agus ar a mbonn a d’fhéadfaí an conradh ábhartha a dhámhachtain don ghnóthas (Airteagal 5(1)(e)).

☐ deonaíodh ☐ níor deonaíodh

3.2. I gcás gach ranníocaíochta airgeadais eachtraí cothrom le EUR 1 milliún nó os a chionn a deonaíodh don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu le linn na 3 bliana roimh an bhfógra a d’fhéadfadh a bheith in aon cheann de chatagóirí Airteagal 5(1), pointí (a) go (c) agus (e) de Rialachán (AE) 2022/2560, tabhair an fhaisnéis seo a leanas agus tabhair doiciméid tacaíochta:

3.2.1. Foirm na ranníocaíochta airgeadais (e.g. iasacht, díolúine cánach, instealladh caipitil, dreasacht fhioscach, ranníocaíochtaí comhchineáil, etc.).

3.2.2. An tríú tír atá ag deonú na ranníocaíochta airgeadais. Sonraigh freisin an t-údarás nó an t-eintiteas poiblí atá á dheonú.

3.2.3. Méid gach ranníocaíochta airgeadais.

3.2.4. An cuspóir agus an réasúnaíocht eacnamaíoch a bhí i gceist leis an ranníocaíocht airgeadais a dheonú don pháirtí

3.2.5. Cé acu atá aon choinníoll i gceangal leis na ranníocaíochtaí airgeadais mar aon lena húsáid nó nach bhfuil.

3.2.6. Tabhair tuairisc ar na príomhghnéithe agus na príomh-shaintréithe de na ranníocaíochtaí airgeadais sin (e.g. rátaí úis agus fad i gcás iasachta).

3.2.7. Tabhair míniú cé acu a thugann nó nach dtugann an ranníocaíocht tairbhe de réir bhrí Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2022/2560 don ghnóthas ar deonaíodh an ranníocaíocht airgeadais eachtrach dó. Tabhair míniú ar an bhfáth leis sin, agus tagairt á déanamh do na doiciméid tacaíochta a sholáthraítear faoi Roinn 6.

3.2.8. Tabhair míniú cé acu atá an ranníocaíocht teoranta le dlí nó le gníomh, de réir bhrí Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2022/2560, do ghnóthais nó do thionscail áirithe nó nach bhfuil[11]. Tabhair míniú ar an bhfáth leis sin, agus tagairt á déanamh do na doiciméid tacaíochta a sholáthraítear faoi Roinn 6.

3.2.9. Tabhair míniú cé acu a deonaíodh an ranníocaíocht airgeadais eachtrach le haghaidh costais oibriúcháin [12] atá nasctha go heisiach leis an soláthar poiblí i gceist amháin nó nár deonaíodh.

3.3. Tabhair forléargas ar na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha cothrom le EUR 1 milliún nó os a chionn a deonaíodh don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu le linn na 3 bliana roimh an bhfógra agus nach bhfuil in aon cheann de chatagóirí Airteagal 5(1), pointí (a) go (e) de Rialachán (AE) 2022/2560 agus an teimpléad agus na treoracha a thugtar i dTábla 1 á leanúint.

4. ROINN 4: Údar a thabhairt le gan tairiscint a bheith ann lena mbainfeadh buntáiste míchuí

4.1. I gcás aon cheann de na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha lena gcuirtear ar a chumas don ghnóthas tairiscint a thíolacadh a bhfuil buntáiste míchuí ag baint léi, agus ar a mbonn a d'fhéadfaí an conradh ábhartha a dhámhachtain don ghnóthas (Airteagal 5(1)(e) de Rialachán (AE) 2022/2560), an bhfuil aon ghné ann chun údar a thabhairt leis an tairiscint ar an ábhar nach bhfuil buntáiste míchuí ag baint léi go díreach nó go hindíreach i ngeall ar an ranníocaíocht / na ranníocaíochtaí airgeadais a fuarthas, lena n-áirítear trí na gnéithe dá dtagraítear in Airteagal 69(2) de Threoir 2014/24/AE nó in Airteagal 84(2) de Threoir 2014/25/AE?

4.2. Féadfar tagairt a dhéanamh don mhéid seo a leanas go háirithe leis na gnéithe:

4.2.1. *eacnamaíocht an phróisis mhonaraíochta, na seirbhísí a sholáthraítear nó an mhodha tógála;*

4.2.2. *na réitigh theicniúla a roghnaíodh nó aon choinníoll atá iontach fabhrach agus ar fáil don tairgeoir chun na táirgí nó na seirbhísí a sholáthar nó chun an obair a dhéanamh;*

4.2.3. *úrnuacht na hoibre, na soláthairtí nó na seirbhísí atá á moladh ag an tairgeoir;*

4.2.4. *comhlíonadh na n-oibleagáidí is infheidhme i réimsí dhlí an chomhshaoil, an dlí shóisialta agus dhlí an tsaothair;*

4.2.5. *comhlíonadh oibleagáidí maidir leis an bhfochonraitheoireacht.*

5. ROINN 5: Éifeachtaí dearfacha féideartha

5.1. Más infheidhme, liostaigh agus tabhair údar le haon éifeacht dhearfach fhéideartha ar fhorbairt na gníomhaíochta eacnamaíche fóirdheonaithe ábhartha ar an margadh inmheánach. Liostaigh agus tabhair údar le haon éifeacht dhearfach eile a bhaineann leis na fóirdheontais eachtracha, amhail éifeachtaí dearfacha níos leithne i ndáil leis na cuspóirí beartais ábhartha, go háirithe na cuspóirí beartais sin de chuid an Aontais, agus sonraigh cathain agus cá háit ar tharla na héifeachtaí

[11] Ba cheart an tairbhe a thabhairt do ghnóthas nó tionscal amháin nó níos mó. D'fhéadfaí sainiúlacht an fhóirdheontais eachtraigh a bhunú le dlí nó le gníomh.

[12] Cuir i gcás costais phearsanra, ábhair, fuinneamh, cothabháil, cíos, riarachán.

sin nó lena bhfuil coinne go dtarlóidh siad. Tabhair tuairisc ar gach ceann de na héifeachtaí dearfacha sin.

6. ROINN 6: Doiciméadacht tacaíochta

Soláthair an méid seo a leanas le haghaidh gach páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige:

6.1. Cóipeanna de na doiciméid oifigiúla tacaíochta uile a bhaineann leis na ranníocaíochtaí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith in aon cheann de chatagóirí Airteagal 5(1), pointí (a) go (c) agus (e) de Rialachán (AE) 2022/2560 de bhun Roinn 3.1.

6.2. Cóipeanna de na doiciméid seo a leanas a d'ullmhaigh nó a fuair aon chomhalta den bhord bainistíochta, den bhord stiúrthóirí, nó den bhord maoirseachta: anailísí, tuarascálacha, staidéir, suirbhéanna, cuir i láthair agus aon doiciméid inchomparáide ina bpléitear cuspóir, úsáid agus réasúnaíocht eacnamaíoch na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha a d'fhéadfadh a bheith in aon cheann de chatagóirí Airteagal 5(1), pointí (a) go (c) agus (e) de Rialachán (AE) 2022/2560. Na doiciméid chéanna a sholáthar a d'ullmhaigh nó a fuair an t-eintiteas a dheonaíonn an ranníocaíocht airgeadais eachtrach a mhéid agus atá siad i do sheilbh agat nó agus atá siad ar fáil go poiblí.

6.3. Tásc den seoladh idirlín, más ann dó, mar a bhfuil na cuntais nó na tuarascálacha bliantúla is déanaí leis an bpáirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu ar fáil, nó mura bhfuil aon seoladh idirlín mar sin ann, cóipeanna de na cuntais bhliantúla agus de na tuarascálacha is déanaí.

6.4. I gcás ina dtugann an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu údar le gan buntáiste míchuí a bheith ag baint leis an tairiscint trí Roinn 4 den fhoirm seo a líonadh isteach, ní mór dóibh an doiciméadacht a sholáthar freisin le haghaidh na tréimhse lena gcumhdaítear na 3 bliana roimh an bhfógra lena dtugtar údar leis na gnéithe dá dtugtar ar aird. Féadfar an méid seo a leanas a chuimsiú sa doiciméadacht sin, inter alia, de réir mar is ábhartha:

a. dearbhuithe cánach le haghaidh na tréimhse faoi athbhreithniú, lena n-áirítear cóipeanna de thuairisceáin chánach agus tuairisceáin CBL na cuideachta,

b. pleananna gnó agus taighde margaidh atá mar bhonn faoin gcinneadh bheith rannpháirteach sa nós imeachta soláthair phoiblí.

7. ROINN 7: Dearbhú

7.1. I gcomhréir leis an Réamhrá, aithris 6, i gcás nósanna imeachta soláthair phoiblí a chomhlíonann na tairseacha atá in Airteagal 28(1)(a) agus 28(2) de Rialachán (AE) 2022/2560, agus ar nósanna imeachta iad nár deonaíodh aon ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha ina leith le 3 bliana anuas don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu , ar ranníocaíochtaí iad atá infhógartha i gcomhréir le hAirteagal 28(1)(b) de Rialachán (AE) 2022/2560, ní mór Ranna 1, 2 agus 8 den Fhoirm seo a líonadh isteach mar aon leis an Roinn seo ina bhfuil an ráiteas seo a leanas:

***'Níl ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha infhógartha faoi Chaibidil 4 de Rialachán (AE) 2022/2560 faighte ag ceachtar de na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu.'***

7.2. I gcomhréir leis an oibleagáid in Airteagal 29(1) de Rialachán (AE) 2022/2560, ní mór don pháirtí nó do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha uile dá bhfuarthas a liostú. Cumhdaítear san oibleagáid sin na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha uile atá neamh-infhógartha i gcomhréir le hAirteagal 28(1), pointe (b) de Rialachán (AE) 2022/2560 a fuarthas le linn na 3 bliana roimh an dearbhú.

7.3. Mar sin féin, ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha neamh-infhógartha ar luach nach lú ná EUR 1 milliún iad ach nach mó ná an luach a shonraítear i Roinn 7.4 thíos iad le 3 bliana roimh an dearbhú, is féidir iad a dhearbhú mar ranníocaíochtaí comhiomlán gan a luachanna a shonrú trí Thábla 2 a úsáid. Ní mór na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha sin a thuairisciú ina n-aonar, arna iarraidh sin don Choimisiún.

7.4. I gcomhréir le hAirteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2022/2560, ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha a bhfuil an méid iomlán díobh in aghaidh an tríú tír níos lú ná méid na cabhrach de minimis mar a shainmhínítear in Airteagal 3(2), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013 thar thréimhse chomhleanúnach 3 bliana roimh an dearbhú, ní gá iad a thuairisciú sa dearbhú.

8. ROINN 8: Fianú

8.1. Ní mór an fianú seo a leanas a chur ag deireadh an fhógra agus é sínithe ag gach páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige:

8.2. ‘*Deimhníonn an páirtí nó na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt aige nó acu, a mhéid is eol dó nó dóibh, go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha san fhógra nó sa dearbhú seo fíor, ceart agus iomlán, gur cuireadh ar fáil fíorchóipeanna iomlána de dhoiciméid a cheanglaítear leis an bhFoirm FS-PP seo, go bhfuil na meastacháin uile atá ann aitheanta mar mheastacháin agus gurb iad na meastacháin is fearr iad bunaithe ar na fíorais bhunúsacha atá ann, agus gur tuairimí dílse iad na tuairimí uile atá tugtha ann.*

8.3. *Is feasach dóibh na forálacha d’Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2022/2560 a bhaineann le fíneálacha agus le híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla*.’

Dáta:

| | |
|---|---|
| [sínitheoir 1]<br>Ainm:<br>Eagraíocht:<br>Post:<br>Seoladh:<br>Uimhir theileafóin:<br>Ríomhphost:<br>[‘ríomhshínithe’ / síniú] | [Sínitheoir 2 más infheidhme, déan arís an oiread agus atá páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu ann]<br>Ainm:<br>Eagraíocht:<br>Post:<br>Seoladh:<br>Uimhir theileafóin:<br>Ríomhphost:<br>[‘ríomhshínithe’ / síniú] |

**Tábla 1**

**Treoracha chun faisnéis a sholáthar a bhaineann le ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha nach bhfuil in aon cheann de chatagóirí Airteagal 5(1), pointí (a) go (e) (Roinn 3.3)**

1. Úsáidtear an Tábla seo chun forléargas a thabhairt ar na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha cothrom le EUR 1 milliún nó os a chionn a dheonaigh gach tríú tír do na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu le linn na 3 bliana roimh an bhfógra agus ***nach bhfuil*** in aon cheann de chatagóirí Airteagal 5(1), pointí (a) go (e) de Rialachán (AE) 2022/2560 agus an teimpléad agus na treoracha thíos á leanúint. I bpointe A, soiléirítear cén fhaisnéis is gá a áireamh sa tábla, agus i bpointe B, soiléirítear cén fhaisnéis nach gá a áireamh ann.

A. An fhaisnéis atá le háireamh sa Tábla

2. Grúpáil na ranníocaíochtaí airgeadais difriúla in aghaidh an tríú tír agus ***in aghaidh an chineáil ranníocaíochta***, amhail deontas díreach, iasacht/ionstraim maoinithe/airleacain inaisíoctha, buntáiste cánach, ráthaíocht, ionstraim chaipitil riosca, idirghabháil chothromais, díscríobh fiachais, ranníocaíochtaí a sholáthraítear le haghaidh ghníomhaíochtaí neamheacnamaíocha gnóthais (féach aithris 16 de Rialachán (AE) 2022/2560), nó eile.

3. Ná háirigh ach na tíortha sin arb amhlaidh ina dtaobh go bhfuil méid measta comhiomlán na ranníocaíochtaí airgeadais a deonaíodh le linn na 3 bliana roimh an bhfógra (a ríomhtar de réir phointe 5) cothrom le EUR 4 milliún nó os a chionn.

4. I gcás gach cineáil ranníocaíochta, tabhair tuairisc ghairid ar chuspóir na ranníocaíochtaí airgeadais agus na n-eintiteas deonúcháin.

5. Cainníochtaigh méid measta comhiomlán na ranníocaíochtaí airgeadais a dheonaíonn ***gach tríú tír*** le linn na 3 bliana roimh an bhfógra i bhfoirm ***raonta***, mar a shonraítear sna nótaí a ghabhann leis an Tábla thíos. Chun an méid sin a ríomh**,** tá na breithnithe seo a leanas ábhartha:

(a) Ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha atá i gcatagóirí Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2022/2560 agus ar soláthraíodh faisnéis ina leith faoi Ranna 3.1 agus 3.2 a chur san áireamh.

(b) ***Ná*** cuir ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha a bhfágtar as an áireamh san áireamh de réir phointí 6 agus 7 thíos.

B. Eisceachtaí

6. ***Ní gá*** duit tuairisc ar na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha seo a leanas a áireamh sa Tábla:

(a) Iarchuir íocaíochta cánacha agus/nó ranníocaíochtaí slándála sóisialta, maithiúnais fhioscacha agus saoirí cánacha mar aon le gnáth-dhímheas agus rialacha maidir le caillteanais a thabhairt ar aghaidh a bhfuil feidhm ghinearálta acu. Má tá na bearta seo teoranta, mar shampla, d'earnálacha, réigiúin nó gnóthais áirithe (nó cineálacha gnóthas áirithe), ní mór iad a áireamh ann.

(b) Faoisimh chánach a chur i bhfeidhm chun cánachas dúbailte a sheachaint i gcomhréir le forálacha na gcomhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha maidir le cánachas dúbailte a sheachaint, mar aon le faoisimh chánach aontaobhacha chun cánachas dúbailte a sheachaint a chuirtear i bhfeidhm faoi reachtaíocht náisiúnta um cháin a

mhéid agus a leanann siad an loighic chéanna le forálacha na gcomhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha.

(c) Earraí/seirbhísí a sholáthar/a cheannach (cé is moite de sheirbhísí airgeadais) ar théarmaí an mhargaidh i ngnáthchúrsaí gnó, mar shampla earraí nó seirbhísí a sholáthar/a cheannach a dhéantar de réir nós imeachta tairisceana iomaíoch, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach.

(d) Ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha faoin méid aonair de EUR 1 milliún.

| **Tríú tír** | **Cineál ranníocaíochta airgeadais*** | **Tuairisc ghairid ar chuspóir na ranníocaíochta airgeadais agus an eintitis deonúcháin**** |
|---|---|---|
| Tír A | *Cineál 1* | |
| | *Cineál 2* | |
| | *Cineál 3* | |
| | *Cineál 4* | |
| | ... | |
| Ranníocaíochtaí airgeadais measta iomlána arna ndeonú ag A: EUR […]*** | | |
| Tír B | *Cineál 1* | |
| | *Cineál 2* | |
| | *Cineál 3* | |
| | *Cineál 4* | |
| | ... | |
| Ranníocaíochtaí airgeadais measta iomlána arna ndeonú ag B: EUR […]*** | | |
| Tír C | | |
| … | | |
| | | |

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: Soláthair tábla ar leithligh le haghaidh gach ceann de na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu. Ba cheart tríú tíortha agus, i gcás inarb iomchuí, cineálacha na ranníocaíochtaí a chur in ord de réir mhéid iomlán na ranníocaíochta airgeadais eachtraí, ón méid is airde go dtí an méid is ísle.

(*) Sainaithin na ranníocaíochtaí airgeadais á ngrúpáil de réir cineáil: amhail deontas díreach, iasacht/ionstraim maoinithe/airleacain inaisíoctha, buntáiste cánach, ráthaíocht, ionstraim chaipitil riosca, idirghabháil chothromais, díscríobh fiachais, ranníocaíochtaí a sholáthraítear le haghaidh na ngníomhaíochtaí neamheacnamaíocha gnóthais (féach aithris 16 de Rialachán 2022/2560), nó eile.

(**) Tuairisc ghinearálta ar chuspóir na ranníocaíochtaí airgeadais a áirítear i ngach cineál agus ar chuspóir an eintitis deonúcháin / na n-eintiteas deonúcháin. Mar shampla, '*díolúine ó cháin le haghaidh tháirgeadh táirge A agus ghníomhaíochtaí R&D*', '*roinnt iasachtaí le bainc atá faoi úinéireacht an Stáit chun críoch X*', '*roinnt bearta airgeadais le gníomhaireachtaí infheistíochta Stáit chun costais oibriúcháin a chumhdach / le haghaidh ghníomhaíochtaí R&D*', '*instealladh caipitil poiblí i gCuideachta X*'.

(***) Úsáid na raonta seo a leanas: *'EUR 45-100 milliún', 'EUR >100-500 milliún', 'EUR >500-1 000 milliún', 'níos mó ná EUR 1 000 milliún'.*

C. Tuilleadh eolais

7. Na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha a d'fhéadfadh a bheith ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar gach soláthar poiblí, d'fhéadfaidís a bheith ag brath ar roinnt tosca amhail na hearnálacha nó na gníomhaíochtaí lena mbaineann, cineál na ranníocaíochtaí airgeadais nó sainiúlachtaí eile an cháis. I bhfianaise na sainiúlachtaí sin, féadfaidh an Coimisiún faisnéis bhreise a iarraidh i gcás ina measann sé faisnéis den sórt sin a bheith riachtanach le haghaidh a mheasúnaithe.

**Tábla 2**

**Chun ranníocaíochtaí airgeadais ar lú a luach ná EUR 1 milliún agus ar mó a luach ná an luach a thugtar le fios i Roinn 7.4**

| Tríú tír | Tuairisc ghairid ar na ranníocaíochtaí airgeadais |
|---|---|
| Tír A | |
| Tír B | |
| Tír C | |
| … | |
| | |